Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2095(INI)

17.10.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

maidir le Straitéis nua de chuid an Aontais Eorpaigh i gcoinne na Bochtaineachta a fhorbairt
(2025/2095(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua -1 (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua -1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint d'Airteagail 8, 9, 151, 153 agus 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, arna ghlacadh in 1979,

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 9 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), arna ghlacadh in 2011,

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach[1a]***,***
	[1a] ***IO L 180, 19.7.2000, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/43/oj.***

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha[1a]***,***
	[1a] ***IO L 204, 26.7.2006, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/54/oj.***

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Threoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe*[1a]*,
	[1a] IO L 132, 17.5.2023, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/970/oj.

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac*[1a]*,
	[1a] IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj.

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 11 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Mholadh (AE) 2024/1238 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2024 maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh*[1a]*,

[1a] ***IO L, 2024/1238, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/1238/oj.***

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2020 dar teideal A Union of Equality: EU anti-racism action plan 2020-2025 [Aontas an Chomhionannais: Plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2020-2025] (COM(2020)0565),

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 12 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal A Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025 [An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ, 2020-2025] (COM(2020)0698),

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 12 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní [1a]***,***

[1a] ***IO L 331, 17.8.2021, lch. 5.***

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 15 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 5 Iúil 2022 maidir le bochtaineacht na mban san Eoraip[1a]***,***
	[1a] ***IO C 47, 7.2.2023, lch. 2***

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 20 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Márta 2025 dar teideal A Roadmap for Women's Rights [Treochlár um Chearta na mBan] (COM(2025)0097),

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 28 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil ó Make Mothers Matter atá le foilsiú i mí Mheán Fómhair 2025 dar teideal Mothers' Poverty in the EU,

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A a. de bhrí go bhfuil tionchar díréireach níos mó fós ag an mbochtaineacht iomlán agus choibhneasta araon, chomh maith le baol an eisiaimh shóisialta ar mhná ná ar fhir, mar gheall ar neamhionannais inscne struchtúracha; de bhrí nach mór an bhochtaineacht i measc ban, agus a héagsúlacht uile, a thuiscint mar fheiniméan casta ilghnéitheach ina n-áirítear ní hamháin gnéithe sóisialta, polaitiúla agus cultúrtha, ach ioncam, tithíocht, sláinte agus rochtain ar oideachas agus seirbhísí sóisialta freisin, agus nach féidir deireadh a chur léi leis an bhfostaíocht amháin, ach go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach uileghabhálach bunaithe ar chosc agus maolú na bochtaineachta araon; de bhrí, in 2024, i ngach tír seachas dhá thír de chuid an Aontais, go raibh an ráta diandíothachta ábhartha agus sóisialta níos airde do mhná (6.6 %) ná d'fhir (6.2 %)[1a], agus go raibh ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta níos airde do mhná (21.9 %) ná d'fhir (20 %) i dtíortha uile an Aontais[1b]; de bhrí, sa bhliain chéanna, gur mheas 23.7 % de mhná agus 22.7 % d'fhir san Aontas go raibh siad bocht[1c], de bhrí go raibh 21.6 % de mhná atá 65 bliana d'aois agus níos sine i mbaol bochtaineachta, i gcomparáid le thart ar 16.5 % d'fhir san aoisghrúpa céanna[1d];

[1a] ***Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Ráta diandíothachta ábharaí agus sóisialta de réir aoise agus inscne', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_mdsd11__custom_17284202/bookmark/table?lang=en&&bookmarkId=a0f88fa5-9110-4302-a67d-d58f889214d0&&page=time:2024.***

[1b] ***Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta de réir aoise agus inscne', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/***

view/ilc_peps01n__custom_17280682/bookmark/table?lang=en&&bookmarkId=1136c1ef-3d9f-4fda-82fb-cf7423eac65e&&page=time:2024.

[1c] *Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Bochtaineacht shuibiachtúil de réir aoise agus inscne', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_sbjp01__custom_17284289/bookmark/table?lang=en&&bookmarkId=7d0decb7-866a-4494-b901-58a61bebd575&&page=time:2024.*

[1d] *Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta de réir aoise agus inscne', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_peps01n__custom_17280682/bookmark/table?lang=en&&bookmarkId=1136c1ef-3d9f-4fda-82fb-cf7423eac65e&&page=time:2024.*

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A b. de bhrí gur cúis agus iarmhairt í bochtaineacht na mban maidir le hidirdhealú trasnach a fhulaingíonn mná, go háirithe iad siúd a bhfuil cineálacha sonracha imeallaithe agus idirdhealaithe struchtúraigh os a gcomhair ar bhonn inscne, cine, eitneachta, míchumais, aoise, stádas imirce, gnéaschlaonta, féiniúlacht inscne, reiligiúin nó creidimh, chomh maith le mná ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste agus go háirithe mná trasinscneacha agus idirghnéasacha; de bhrí go bhfuil dúshláin shonracha agus baol méadaithe bochtaineachta roimh mháithreacha aonair agus mná atá ina gcónaí i réigiúin iargúlta, oileánacha agus fhorimeallacha den Aontas; de bhrí go gcuireann easpa aitheantas dlíthiúil do chaidrimh chomhghnéis agus d'fhéiniúlacht inscne i

mBallstáit le heisiamh daoine LADTIA+ ó sheirbhísí sóisialta bunriachtanacha agus ó shochair a bhaineann leis an teaghlach, lena dtreisítear timthriallta na bochtaineachta agus an imeallaithe; de bhrí go mbíonn idirdhealú ar leith maidir le hoideachas agus obair chuibhiúil os comhair mná Romacha; de bhrí nach raibh ach 28 % de mhná Romacha idir 20 agus 64 bliana d'aois fostaithe in 2022, i gcomparáid le 58 % d'fhir Romacha sa chatagóir aoise chéanna[1a]; de bhrí gur minic a dhéantar idirdhealú san fhostaíocht ar mhná a bhfuiltear in ann a fheiceáil go bhfuil éadaí reiligiúnacha á gcaitheamh acu, lena n-áirítear, de réir na tuarascála is déanaí ó FRA, 45 % de mhná Moslamacha[1b]; de bhrí go bhfulaingíonn mná imirceacha, lena n-áirítear dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, cineálacha iomadúla idirdhealaithe chun fostaíocht fhoirmiúil agus tithíocht fhoirmiúil a fháil; de bhrí go bhfuil rátaí bochtaineachta agus eisiaimh níos airde ann do mhná imirceacha mar gheall ar bhacainní ar rochtain a fháil ar fhostaíocht, ar aitheantas do cháilíochtaí agus ar chúram leanaí[1c];

[1a] ***An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, 'Romaigh in 10 dtír Eorpacha', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2022-roma-survey-2021-main-results2_en.pdf.***

[1b] ***An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, 'Mar atá sé do Mhoslamaigh san Aontas', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2024-being-muslim-in-the-eu_en.pdf.***

[1c] ***Eurostat, Statistics Explained, 'Staidreamh maidir le lánpháirtiú imirceach - i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta', Sonraí asbhainte an***

26 Meán Fómhair 2024, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Migrant_integration_statistics_-_at_risk_of_poverty_and_social_exclusion.

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A c. de bhrí go bhfuil comhghaol láidir idir bochtaineacht na mban agus bochtaineacht leanaí; de bhrí, in 2024, go raibh ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (24.2 % de dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois)[1a] agus an ráta diandíothachta ábharaí agus sóisialta (7.9 % de dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois)[1b] is airde i measc leanaí; de bhrí, in 2024, gur mheas 26.1 % de dhaoine faoi 18 san Aontas go raibh siad bocht[1c]; de bhrí go bhfuil duine as gach ceathrar leanaí san Aontas i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta[1d]; de bhrí go raibh cónaí in 2024, 8 % de leanaí san Aontas faoi bhun 17 mbliana d'aois i dteaghlaigh gan duine fostaithe[1e]; de bhrí go bhfuil tionchar dearfach díreach agus marthanach ar fholláine leanaí ag baint le máithreacha a chumhachtú go heacnamaíoch agus gur bunriachtanach é sin a dhéanamh chun timthriallta idirghlúine na bochtaineachta a bhriseadh agus chun comhdheiseanna do leanaí a áirithiú;

[1a] ***Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta de réir aoise agus inscne', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/bookmark/1136c1ef-3d9f-4fda-82fb-cf7423eac65e?lang=en&&page=time:2024.***

[1b] ***Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Ráta diandíothachta ábharaí agus sóisialta de réir aoise agus inscne', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_mdsd11__custom_17284216/bookmark/table?lang=en&&bookmarkId=a3bbdd78-6da8-43f5-8b3b-b2eb4a3ddadc&&page=time:2024.***

[1c] ***Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Bochtaineacht shuibiachtúil de réir aoise agus inscne', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_sbjp01__custom_17284300/bookmark/table?lang=en&&bookmarkId=a2e1c6ea-e1ca-43ca-a78c-5bb0645fdd77&&page=time:2024.***

[1d] ***Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta de réir aoise agus inscne', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_peps01n__custom_17501965/default/table?lang=en.***

[1e] ***Eurostat, Míniú ar Staidreamh, 'Staidreamh maidir le comhdhéanamh baile', https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Household_composition_statistics#Data_sources.***

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A d. de bhrí go bhfuil teaghlaigh aontuismitheora i mbaol níos mó ó thaobh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta agus go bhfuil dóchúlacht níos airde ann go leanfaidh bochtaineacht thar roinnt glúine; de bhrí go bhfuil tuairim is leanbh amháin as gach seisear san Aontas (17 %)[1a] ag fás aníos i dteaghlach aontuismitheora; de bhrí go bhfuil formhór na dteaghlach aontuismitheora faoi stiúir ban[1b]; de bhrí

go bhfuil baol díréireach bochtaineachta ag baint le teaghlaigh aontuismitheora (os cionn 32 %), go háirithe iad siúd atá faoi cheannas ban, i gcomparáid le 11.2 % i measc na dteaghlach le beirt thuismitheoirí[1c]; de bhrí go bhfuil an bhochtaineacht fós ar cheann de na tosca a chuireann le scaradh teaghlach san Aontas; de bhrí go bhfuil nach mór 20 milliún leanbh, ceann amháin as ceathrar, i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta san Aontas[1d], agus de bhrí nach mbainfidh an treocht reatha an sprioc amach chun líon na leanaí bochta a laghdú 5 mhilliún ar a laghad faoi 2030[1e]; de bhrí go bhfuil bochtaineacht leanaí ar cheann de na cineálacha bochtaineachta is práinní agus is deacra chun deireadh a chur leo, agus go bhfuil iarmhairtí fadtéarmacha aici ar fhorbairt agus ar dheiseanna saoil leanaí agus ar thodhchaí ár sochaithe; de bhrí go bhfuil éagothromaíochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara i measc leanaí ó chúlraí eitneacha nó imirceacha agus leanaí faoi mhíchumas[1f]; de bhrí go méadaíonn leanaí riosca na bochtaineachta tuilleadh do dhaoine fásta aonair, ar riosca é a dhéanann difear díréireach do mhná, arb iad is minice a bhíonn freagrach as cúram leanaí agus atá beagnach a dhá oiread níos dóchúla ná aithreacha aonair gan bheith ag obair, agus nach bhfuil níos mó ná aon trian de mháithreacha aonair atá ag obair fostaithe ach go páirtaimseartha[1g];de bhrí gur seift chumhachtach agus éifeachtach é máithreacha a chumhachtú chun níos mó a thuilleamh agus cobhsaíocht airgeadais a bhaint amach chun bochtaineacht leanaí a laghdú; de bhrí gur aithin roinnt bardas sna Ballstáit na dúshláin speisialta atá roimh mháithreacha aonair agus go bhfuil beartais spriocdhírithe agus bearta tacaíochta tugtha isteach acu;

[1a] ***Eurostat, 'Daoine óga – an teaghlach agus an tsochaí'; https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-***

explained/index.php?title=Young_people_-_family_and_society.

[1b] ***Eurostat, Míniú ar Staidreamh, Staidreamh maidir le comhdhéanamh baile, arna rochtain an 23 Meitheamh 2025, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Household_composition_statistics#Data_sources.***

[1c] ***Eurostat, Ráta riosca na bochtaineachta de réir na tairsí bochtaineachta agus an chineáil teaghlaigh, https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_li03/default/table?lang=en.***

[1d] ***Eurostat, Míniú ar Staidreamh, 'Leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta', https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Children_at_risk_of_poverty_or_social_exclusion.***

[1e] ***Teachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal 'Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta' (COM(2021)0102).***

[1f] ***UNICEF, Child Poverty Policy Brief, 2024, https://www.unicef.org/eu/documents/policy-brief-child-poverty.***

[1g] ***An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), Béising + 25: an cúigiú hathbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising i mBallstáit an Aontais, https://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/20190441_mh0119039enn_pdf.pdf.***

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

A e. de bhrí go bhfuil comhghaol láidir idir an bhochtaineacht agus an foréigean inscnebhunaithe agus de bhrí go gcuireann an bhochtaineacht le tionchar an fhoréigin inscnebhunaithe, go háirithe ar mhná i gcásanna imeallaithe, amhail daoine LADTIA+; de bhrí go bhfuil baol níos airde ann go bhfulaingeoidh mná atá thíos leis an mbochtaineacht foréigean, lena n-áirítear foréigean ó pháirtnéirí agus foréigean teaghlaigh, mar gheall ar thosca amhail spleáchas airgeadais, neamhshlándáil tithíochta, agus rochtain laghdaithe ar sheirbhísí tacaíochta[1a]; de bhrí, in AE-27, go bhfulaingíonn 30.7 % de mhná foréigean fisiciúil nó bagairtí agus/nó foréigean gnéasach ó dhuine éigin thar a saol[1b]; de bhrí go gcuireann an bhochtaineacht mná i mbaol níos mó gáinneála agus teacht i dtír gnéasach;

[1a] ***EIGE, https://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/financial-independence-and-gender-equality.pdf.***

[1b] ***EIGE, 'Suirbhé ar fhoréigean inscnebhunaithe', https://eige.europa.eu/newsroom/eu-gender-based-violence-survey?language_content_entity=en.***

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A f. de bhrí gur minic a bhíonn mná atá gan dídean dofheicthe i staidreamh agus go mbíonn orthu dul i ngleic le conairí chun na heaspa dídine a bhaineann le hinscne; de bhrí gur minic a theipeann ar na sainmhínithe normatacha ar easpa dídine na fírinní lena ndéileálann mná a léiriú, ar fírinní iad atá éagsúil le fírinní na bhfear toisc

gur lú an seans go gcodlóidh siad amuigh agus gur mó seans go mbeidh siad ag brath ar shocruithe cóiríochta neamhfhoirmiúla nó sealadacha, rud a chruthaíonn baol an fhoréigin inscnebhunaithe agus an baol go gcaillfidís coimeád a leanaí; de bhrí go bhfuil daoine LADTIA+, go háirithe daoine trasinscneacha agus iad siúd atá gan dídean, i mbaol níos mó bochtaineachta agus eisiamh sóisialta mar gheall ar idirdhealú struchtúrach san fhostaíocht, i dtithíocht, i gcúram sláinte agus i rochtain ar chórais cosanta sóisialta;

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A g. de bhrí go bhfuil obair chúraim neamhíoctha agus thearcíoctha, a dhéanann mná go díréireach, fós ina cúis mhór le neamhionannais inscne ó thaobh ioncaim, dul chun cinn gairme, agus pinsean de, rud a fhágann go mbíonn tuilleamh saoil níos ísle agus bearna shuntasach phinsin ann idir na hinscní; de bhrí gur gnách go maireann mná níos faide agus gur dóchúla go mbeidh cúram fadtéarmach de dhíth orthu de réir mar a théann siad in aois[1a]; de bhrí gur mná iad formhór na n-oibrithe cúraim fhadtéarmaigh freisin, ar imircigh iad go leor acu[1b]; de bhrí, in 2021, go raibh pá in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh agus in earnálacha seirbhísí sóisialta eile 21 % faoi bhun an mheánphá[1c]; de bhrí go gcuireann leithscaradh cothrománach inscnebhunaithe i margadh an tsaothair le neamhionannais phá leanúnacha;

[1a] ***Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe (UNDESA), The growing need for long-***

term care, https://www.un.org/esa/socdev/ageing/documents/un-ageing_briefing-paper_Long-term-care.pdf.

[1b] ***EIGE, 'Neamhionannais inscne i gcúram agus iarmhairtí don mhargadh saothair', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021, https://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/20204948_mh0220888enn_pdf.pdf.***

[1c] ***Eurofound, 'Pá i gcúram fadtéarmach agus i seirbhísí sóisialta eile 21 % faoi bhun an mheáin', 2021, https://www.eurofound.europa.eu/en/resources/article/2021/wages-long-term-care-and-other-social-services-21-below-average.***

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A h (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A h. de bhrí go méadaíonn neamhghníomhaíocht eacnamaíoch agus dífhostaíocht baol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta go suntasach do mhná agus d'fhir araon; de bhrí, in 2024, gurbh ionann an bhearna fostaíochta idir na hinscní san Aontas agus 10.0 pointe céatadáin, rud a chiallaíonn gur sháraigh cion na bhfear in aois oibre san fhostaíocht 10.0 pointe céatadáin níos mó ná cion na mban[1a]; de bhrí gurb ísle fós an ráta fostaíochta i measc na mban Romach, eadhon 28 %[1b]; de bhrí, in 2023, gurbh ionann an bhearna phá idir na hinscní san Aontas agus 12 %[1c], de bhrí go bhfuil ionadaíocht dhíréireach ard ag mná in earnálacha poist fhorbhásacha ar phá íseal agus i gcineálacha solúbtha oibre, le conarthaí neamhthipiciúla agus solúbtha (obair pháirtaimseartha, obair shealadach, etc.); de bhrí, d'ainneoin go bhfuil obair in

earnálacha atá faoi cheannas na mban riachtanach agus go bhfuil luach ard socheacnamaíoch ag baint léi, is minic gur beag luach a thugtar di agus baineann pá níos ísle léi ná mar a bhaineann le hobair in earnálacha atá faoi cheannas na bhfear; de bhrí go bhfuil géarghá le hathmheasúnú a dhéanamh ar leorgacht an phá sna hearnálacha sin atá faoi cheannas na mban i gcomhréir lena luach socheacnamaíoch agus le dul chun cinn a dhéanamh ar íosphá, ar íosioncam agus ar trédhearcacht pá i rialacháin AE; de bhrí go mbíonn ar mhná dul i ngleic le hidirdhealú toirchis agus máithreachais chomh maith le luathscor ón margadh saothair mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim agus tionchar neamhoird míostraithe ar a n-imthosca sláinte nó sóisialta; de bhrí nach bhfuil ach 20.7 % de mhná faoi mhíchumas i bhfostaíocht lánaimseartha[1d]; de bhrí go bhfuil seans trí huaire níos mó ann go mbeidh mná trasinscneacha dífhostaithe ná an daonra i gcoitinne[1e]; de bhrí go bhfulaingíonn mná imirceacha, lena n-áirítear dídeanaithe, cineálacha iomadúla idirdhealaithe a bhaineann le fostaíocht fhoirmiúil agus tithíocht fhoirmiúil; de bhrí go rannchuidíonn bearna phá leanúnach idir na hinscní le neamhionannas eacnamaíoch ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear éagothromaíochtaí i bpinsin agus rioscaí méadaithe bochtaineachta i measc mná scothaosta, rud a chuireann bac ar iomaíochas san Aontas; de bhrí go bhfuil an bhearna phá sin á spreagadh ag tosca amhail leithscaradh ceirde, difríochtaí in uaireanta oibre, agus ionadaíocht mhíchothrom i róil shinsearacha, a chuireann bac le chéile ar neamhspleáchas eacnamaíoch agus slándáil shóisialta na mban; de bhrí go bhfuil sé bunriachtanach aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní chun margaí saothair cothroma a bhaint amach agus chun bochtaineacht inscnebhunaithe a laghdú ar fud na n-

aoisghrúpaí uile; de bhrí go bhfuair mná san Aontas 26.1 % níos lú ioncam pinsin ar an meán ná fir in 2024, agus nach bhfuair 5.3 % de mhná aon phinsean ar chor ar bith [1f]***; de bhrí go bhfuil sé sin mar thoradh ar na míchothromaíochtaí a eascraíonn as neamhionannais leanúnacha ar feadh an tsaoil; de bhrí go gciallaíonn an bhearna phinsin sin gur mó an seans go dtitfidh mná faoi bhun thairseach na bochtaineachta de réir mar a théann siad in aois, agus á thabhairt san áireamh freisin go bhfuil ionchas saoil na mban níos airde ná ionchas saoil na bhfear, rud a mhéadaíonn iarmhairtí na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta; de bhrí gur cúis mhór imní fós é neamhionannas ioncaim ar fud an Aontais; de bhrí, in ainneoin fás eacnamaíoch foriomlán, go ndeachaigh gnóthachain ioncaim chun tairbhe go díréireach do na daoine is mó atá ag tuilleamh, agus nach bhfuil ach feabhsuithe fánacha feicthe ag teaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam; de bhrí gurbh ionann comhéifeacht Gini le haghaidh ioncam indiúscartha comhionann san Aontas agus 29.6 % in 2023, rud a thugann éagothromaíochtaí leanúnacha i ndáileadh ioncaim chun suntais*** [1g]***; de bhrí go meastar go dtiocfaidh méadú ar an mbearna bhochtaineachta idir na hinscní faoi 2030, ós rud é go leanfaidh mná de bheith ina dtromlach de na daoine is boichte ar domhan agus go bhféadfadh an bhearna a leathnú tuilleadh le digitiú ár margaí saothair, i bhfianaise na bearna inscne san oideachas san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic agus na bearna i roinnt earnálacha fostaíochta, amhail earnáil na cosanta agus an aeraspáis, earnáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus earnáil an fhuinnimh;***

[1a] ***Eurostat, Míniú ar Staidreamh, 'Staidreamh inscne', arna rochtain an 23 Meitheamh 2025,***

https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Gender_statistics.

[1b] *An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, 'Romaigh in 10 dtír Eorpacha', 2022, https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2022-roma-survey-2021-main-results2_en.pdf.*

[1c] *Eurostat, Míniú ar Staidreamh, 'Staidreamh maidir leis an mbearna phá idir na hinscní', sonraí asbhainte i mí an Mhárta 2025, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Gender_pay_gap_statistics.*

[1d] *An Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas, 2023 EU Gender Equality Index: Women with disabilities still left behind, 2023, https://www.edf-feph.org/2023-eu-gender-equality-index-women-with-disabilities-still-left-behind/#:~:text=22%25%20of%20women%20with%20disabilities,15%25%20of%20men%20without%20disabilities.*

[1e] *An Coimisiún Eorpach, an Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, 'Aitheantas dlíthiúil inscne san Aontas', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020, https://commission.europa.eu/system/files/2020-09/legal_gender_recognition_in_the_eu_the_journeys_of_trans_people_towards_full_equality_sept_en.pdf.*

[1f] *An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, 'Tuarascáil 2024 ar leorgacht pinsin', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/pension-adequacy-report-current-and-future-income-adequacy-old-age-eu_en.*

[1g] *Eurostat, Brabhsálaí Sonraí, 'Dálaí maireachtála san Eoraip – dáileadh*

ioncaim agus neamhionannas ioncaim', https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Living_conditions_in_Europe_-_income_distribution_and_income_inequality.

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A i (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A i. de bhrí go bhfuair mná san Aontas 26.1 % níos lú ioncam pinsin ar an meán ná fir in 2024, agus nach bhfuair 5.3 % de mhná aon phinsean ar chor ar bith[1a]; de bhrí go bhfuil sé sin mar thoradh ar na míchothromaíochtaí a eascraíonn as neamhionannais leanúnacha ar feadh an tsaoil; de bhrí go gciallaíonn an bhearna phinsin sin gur mó an seans go dtitfidh mná faoi bhun thairseach na bochtaineachta de réir mar a théann siad in aois, agus á thabhairt san áireamh freisin go bhfuil ionchas saoil na mban níos airde ná ionchas saoil na bhfear, rud a mhéadaíonn iarmhairtí na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta; de bhrí go gcuideoidh cuimsiú saothair níos mó le linn shaolré duine leis an mbearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh;

[1a] ***An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, 'Tuarascáil 2024 ar leorgacht pinsin', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.***

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A j (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A j. de bhrí go gciallaíonn 'bochtaineacht ama' nach bhfuil am ar fáil tar éis an t-am is gá le haghaidh fostaíocht íoctha agus obair gan phá (lena n-áirítear cúram), staidéar nó bunriachtanais eile saoil amhail féinchúram meabhrach agus fisiceach a asbhaint; de bhrí go mbaintear díobh, leis an mbochtaineacht ama, an t-am nó an neamhspleáchas atá riachtanach chun dálaí oibre réasúnta, uathriail airgeadais, oiliúint nó rochtain ar na hacmhainní bunúsacha agus ar na seirbhísí íosta a áirithiú, lena ráthófaí saol sláintiúil dóibh agus a chuirfeadh ar a gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán ina bpobail agus ina sochaithe. de bhrí go gcuireann bochtaineacht ama srian ar dheiseanna na mban páirt a ghlacadh i bhfostaíocht fhadtéarmach lánaimseartha, lena gcuirtear srian lena n-acmhainneacht tuillimh agus lena méadaítear a spleáchas ar phoist ar phá íseal nó ar phoist pháirtaimseartha, lena laghdaítear a ranníocaíochtaí pinsin agus lena méadaítear spleáchas airgeadais sa tseanaois; de bhrí go léiríonn na míbhuntáistí forluiteacha sin an géarghá atá le comhionannas inscne a nascadh le slándáil ioncaim agus le hathchóirithe cuimsitheacha ar bheartas cúraim; de bhrí gur gá athmhachnamh bunúsach a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar obair chúraim agus obair tí a eagrú, a luacháil agus a athdháileadh ar fud na sochaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht ama; de bhrí go bhfuil géarghá le ceartas cúraim a nascadh leis an gceartas eacnamaíoch agus dúshlán a thabhairt do na córais lena ndéantar tráchtearra de shaothar agus luach á bhaint ag an am céanna as an obair neamhíoctha agus dhofheicthe a dhéanann mná den chuid is mó;

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A k (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A k. de bhrí go bhfuil ró-ionadaíocht ag mná i measc na ndaoine atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh, go bhfuil siad níos spleáiche ar acmhainní nádúrtha agus go bhfuil níos lú sócmhainní nó acmhainní acu chun oiriúnú d'iarmhairtí an athraithe aeráide; de bhrí go laghdaíonn na géarchéimeanna fuinnimh agus na costais mhaireachtála atá ag dul i méid, go háirithe maidir le tithíocht, cumas airgeadais na mban saol neamhspleách a thógáil, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra do mhná gan ioncam nó ioncam íseal éalú ón bhforéigean teaghlaigh;

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A l (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A l. de bhrí gurb ionann bochtaineacht mhíosta agus easpa rochtain leordhóthanach ar tháirgí agus saoráidí sláinteachais mhíosta, a dhéanann difear do thart ar 10 % den daonra san Aontas a bhíonn ag míostrú, agus a dhéanann difear díréireach do ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha, agus a chuireann teorainn lena rannpháirtíocht sa saol sóisialta, oideachais agus gairmiúil; á chur i bhfáth go leanann an bhochtaineacht mhíosta de bheith ina bacainn leanúnach ar chomhionannas inscne san Aontas, agus gur minic a bhíonn ar mhná agus ar chailíní ar ioncam íseal rogha a dhéanamh idir táirgí sláinteachais mhíosta agus bunriachtanais eile;

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A m (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A m. de bhrí go bhfuil daoine de bhunadh Afracach i mbaol níos mó bochtaineachta, eisiamh sóisialta agus bochtaineacht fuinnimh ná an daonra i gcoitinne san Aontas; de bhrí go bhfuil deacrachtaí ag 33 % de dhaoine de bhunadh Afracach greim a choinneáil faoin bhfiacail; de bhrí gur diúltaíodh duine as gach ceathrar de bhunadh Afracach mar thionóntaí bunaithe ar a dtionscnamh cinioch nó eitneach; de bhrí go bhfuil 45 % de dhaoine de bhunadh Afracach ina gcónaí i dtithíocht phlódaithe*[1a];**
	[1a] ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 'Mar atá sé don duine gorm san Aontas', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2023-being-black_in_the_eu_en.pdf.***

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A n (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	A n. de bhrí go bhfuil bearna fostaíochta 24 phointe céatadáin idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas san Aontas, agus bearna níos mó fós do mhná agus do dhaoine óga faoi mhíchumas[1a]***;***
	[1a] ***An Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas, EDF 7th Human Rights Report. The Right to work: The employment situation of persons with disabilities in Europe, 2023,***

https://www.edf-feph.org/publications/human-rights-report-2023-the-right-to-work/.

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe d

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
d) Cur chuige cuimsitheach agus comhtháite i leith beartais agus bearta i gcoinne na bochtaineachta agus an sprioc maidir leis an mbochtaineacht a dhíothú mar chritéar trasearnálach i mbeartais earnálacha;	d) Cur chuige cuimsitheach agus comhtháite i leith beartais agus bearta i gcoinne na bochtaineachta agus an sprioc maidir leis an mbochtaineacht a dhíothú mar chritéar trasearnálach i mbeartais earnálacha***, go háirithe agus réimsí beartais comhionannais, ionchuimsithe agus shóisialta an Aontais á gcur san áireamh***;

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 a. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis inscne-fhreagrúil a fhorbairt, tuiscint a fháil ar ghnéithe inscne den bhochtaineacht agus béim láidir a leagan ar bhochtaineacht struchtúrach a dhéanann difear go háirithe do mhná agus do chailíní, agus cur chuige trasnach a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt, go háirithe, ar theaghlaigh aontuismitheora – atá faoi stiúir ban den chuid is mó – máithreacha a bhfuil ioncam íseal acu, mná faoi mhíchumas, mná ó ghrúpaí imeallaithe ciníocha, eitneacha agus socheacnamaíocha, lena n-áirítear mná Romacha, mná imirceacha agus mná scothaosta, íospartaigh foréigin inscnebhunaithe, agus daoine LADTIA+;

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 b. á chur i bhfáth gurb é an beartas is inbhuanaithe chun an bhochtaineacht a laghdú an beartas lena gcuirtear cosc ar an mbochtaineacht teacht chun cinn ar an gcéad dul síos; á chur i bhfios go láidir nach mór don straitéis i gcoinne na bochtaineachta aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna le bochtaineacht na mban agus athruithe struchtúracha a bhaint amach do mhná agus dóibh siúd is mó atá i mbaol, ag díriú ar infheistíochtaí sóisialta i gcúram sláinte inrochtana ardcháilíochta, cúram leanaí, oideachas cuimsitheach, tithíocht chuibhiúil agus inacmhainne, córais leormhaithe cosanta sóisialta, agus bearta spriocdhírithe chun dul i ngleic le neamhghlacadh sochar; ag tathant ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar rioscaí inscneacha agus trasnacha na bochtaineachta, lena n-áirítear bochtaineacht lucht oibre agus bochtaineacht pinsin, trí phá íosta leormhaith, ioncam íosta, cosaint shóisialta agus cómhargáil; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar acmhainneacht scéimeanna ioncaim bhunúsaigh mar chuid de straitéisí frithbhochtaineachta níos leithne lena gcuirtear leochaileachtaí socheacnamaíocha sonracha na mban san áireamh, agus a áirithiú go ndéanfar gnéithe inscne na bochtaineachta agus na bunchúiseanna leis an mbochtaineacht a ghabháil ar bhealach níos fearr le creataí agus uirlisí bailithe sonraí an Aontais (e.g. Eurostat, oifigí staidrimh náisiúnta);

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1 c. á iarraidh ar an gCoimisiún na naisc struchtúracha idir an bhochtaineacht agus foréigean inscnebhunaithe a aithint agus aghaidh a thabhairt ar fhoréigean inscnebhunaithe mar phríomhstraitéis chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, go háirithe an bhochtaineacht i measc na mban agus na leanaí, agus a aithint go bhfuil sé bunriachtanach deireadh a chur le gach cineál foréigin do chumas na mban páirt iomlán a ghlacadh ina bpobail agus sa gheilleagar, rochtain a fháil ar oideachas, ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí sóisialta, agus ar an gcaoi sin neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí i mbeartais lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean inscnebhunaithe; á chur in iúl gur geal léi daingniú Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Aontas agus ag tathant ar an mBulgáir, ar Phoblacht na Seice, ar an Ungáir, ar an Liotuáin agus ar an tSlóvaic a bpróisis daingniúcháin a thabhairt chun críche gan a thuilleadh moille; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme éifeachtach na Treorach maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac a áirithiú, lena ráthófar go mbeidh rochtain leormhaith agus neamhchoinníollach ag mná atá thíos leis an mbochtaineacht agus cineálacha eile foréigin ar dhídean, ar sheirbhísí tacaíochta do mharthanóirí, ar chúnamh dlíthiúil, agus ar leas sóisialta, gan beann ar a stádas cónaithe nó imirce;

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus	3. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus

ar na Ballstáit beartais a chur chun cinn lena ndéantar cearta oibrithe bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, agus lena gcuirtear feabhas ar an gcáilíocht poist, lena n-áirítear caidreamh fostaíochta cobhsaí, pá cóir, dálaí oibre cuibhiúla agus sábháilte, agus rochtain ar chosaint shóisialta;	ar na Ballstáit beartais a chur chun cinn lena ndéantar cearta oibrithe a chosaint agus a chur chun cinn, agus lena gcuirtear feabhas ar an gcáilíocht poist, ***agus aird ar leith á tabhairt ar mhná i margadh an tsaothair,*** lena n-áirítear caidreamh fostaíochta cobhsaí, pá cóir ***agus trédhearcach ar fud na n-earnálacha uile – lena n-áirítear earnálacha ina bhfuil ceannas ag mná amhail earnálacha sóisialta, cúraim agus oideachais – d'fhonn pá comhionann as obair chomhionann a áirithiú***, dálaí oibre cuibhiúla agus sábháilte, agus rochtain ar chosaint shóisialta; ***á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit díriú go háirithe ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní, na bearnaí pá agus pinsin, agus bochtaineacht lucht oibre i measc na mban a laghdú trí shocruithe solúbtha oibre agus seirbhísí cúraim inrochtana agus inacmhainne a chur ar fáil chun rochtain na mban ar phoist ardcháilíochta a éascú; ag tathant ar an gCoimisiún sainordú a thabhairt chun beartais a thabhairt isteach san ionad oibre lena dtacaítear le sláinte mhíosta – lena n-áirítear rogha na saoire mhíosta, agus cóiríocht d'oibrithe a bhfuil riochtaí a bhaineann go sonrach le mná orthu, e.g. meanapás, mígréiní agus inmheatróis – agus a thugann am saor íoctha do sheiceálacha rialta scagthástála cíche, chun sláinte agus folláine na mban a chur chun cinn ag gach céim den saol;**

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	3 a. á mheabhrú go leantar den bhochtaineacht a thomhas de réir ioncam carntha teaghlaigh, fiú mura dtuilleann gach ball den teaghlach an méid céanna nó go ndáileann siad acmhainní go cothrom; á iarraidh go mbeadh cearta

agus ríomhanna aonair bunaithe ar ioncam aonair chun fíormhéid bhochtaineacht na mban a chomhrac agus go n-áireofaí bochtaineacht ama mar bheart;

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	3 b. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacú le fiontraíocht agus deiseanna féinfhostaíochta na mban, go háirithe i gceantair thuaithe, oileánacha agus i gceantair iargúlta eile ó thaobh na geografaíochta de, mar bhealach chun ionchuimsiú eacnamaíoch agus comhionannas inscne níos fearr a bhaint amach agus an bhochtaineacht a chomhrac, fostaíocht áitiúil a chruthú agus forbairt eacnamaíoch ionchuimsitheach a chothú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht spriocdhírithe a áirithiú d'fhiontraithe ban trí rochtain níos fearr ar chistiú, ar oiliúint ghnó, ar uirlisí digiteacha agus ar mhargaí; á iarraidh ar an gCoimisiún beartais a fhorbairt lena n-éascófar rochtain na mban ar phoist ardcháilíochta agus ar chonairí fiontraíochta, trí dhreasachtaí do chuideachtaí mná a fhostú agus arduithe céime a thabhairt dóibh, go háirithe máithreacha aonair, agus socruithe solúbtha oibre a chur ar fáil;

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	3 c. á iarraidh ar an gCoimisiún oideachas, oiliúint agus foghlaim ar

	feadh an tsaoil a chomhtháthú sa straitéis frithbhochtaineachta, agus béim á leagan ar oideachas ionchuimsitheach agus ar luathfhágálaithe scoile a ath-imeascadh; ag moladh cláir dhigiteacha agus litearthachta sna meáin a leathnú agus infheistíocht a dhéanamh in oideachas an dara deis; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá an straitéis frithbhochtaineachta a nascadh le hoideachas ionchuimsitheach, cláir uas-scilithe agus athscilithe, chomh maith le rannpháirtíocht shibhialta, lena ndírítear go sonrach ar ghrúpaí leochaileacha, ar mhná agus ar chailíní, ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, ar thuismitheoirí aonair agus ar luathfhágálaithe scoile; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an bhearna dhigiteach do mhná agus do chailíní atá faoi bhochtaineacht a dhúnadh trí rochtain inacmhainne ar an idirlíon, oiliúint i scileanna digiteacha agus rochtain ar sheirbhísí poiblí ar líne a áirithiú, agus béim á leagan ar phobail tuaithe agus imeallaithe;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	5 a. á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchar díréireach ag an athrú aeráide ar dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht, rud a fhágann go bhfuil siad níos noichte ar fhadhbanna sláinte, bochtaineacht fuinnimh, neamhshlándáil tithíochta agus easáitiú éigeantach; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le gníomhaíocht aeráide inscne-fhreagrúil chun cosc a chur ar mhná agus ar chailíní an bhochtaineacht a fhulaingt ar bhonn níos doimhne; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh oiriúnú don athrú aeráide, straitéisí laghdaithe riosca tubaiste agus gníomhaíochtaí príomhshruthaithe

	ullmhachta eile ionchuimsitheach agus go gcuirfear san áireamh leo leochaileachtaí agus acmhainneachtaí sonracha na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear trí infheistíochtaí in oideachas inscne-fhreagrúil, rochtain ar chúram sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go rannchuideoidh an straitéis frithbhochtaineachta le haghaidh a thabhairt ar thionchar díréireach an athraithe aeráide ar dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht agus a áirithiú go n-áireofar iad san aistriú glas; á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú leormhaith a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht aeráide, agus béim á leagan ar éifeachtúlacht fuinnimh agus athchóiriú tithíochta sa chreat airgeadais ilbhliantúil tar éis 2027, chun a áirithiú go bhfaighidh daoine atá thíos leis an mbochtaineacht tacaíocht leormhaith le linn an aistrithe ghlais;

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an bhochtaineacht a chomhrac trí beartais a chur chun cinn lena n-áirithítear dodhealaitheacht agus uilíocht na gceart polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha;	6. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an bhochtaineacht a chomhrac trí beartais a chur chun cinn lena n-áirithítear dodhealaitheacht agus uilíocht na gceart ***sibhialta,*** polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha; ***á iarraidh ar na Ballstáit modheolaíochtaí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar bhacainní struchtúracha nó córasacha ar éalú ón mbochtaineacht agus ón eisiamh sóisialta agus chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, bíodh na bacainní sin le fáil ina gcórais dlí nó ina mbeartais phoiblí, nó ina gcur chun feidhme ar an leibhéal críochach;***

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíocht phoiblí i mbeartais lena ráthaítear seirbhísí poiblí atá uilíoch, ***saor in aisce*** agus ar ardcháilíocht a mhéadú go mór, ós rud é gur rannchuidiú iad le timthriall na bochtaineachta a bhriseadh, go háirithe i réimsí amhail oideachas, cúram sláinte, cosaint shóisialta, agus rochtain uilíoch ar thithíocht chuibhiúil, uisce agus sláintíocht, fuinneamh, iompar, agus gníomhaíochtaí ***cultúrtha agus fóillíochta***;	7. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíocht phoiblí i mbeartais lena ráthaítear seirbhísí poiblí atá uilíoch, ***inacmhainne*** agus ar ardcháilíocht a mhéadú go mór, ós rud é gur rannchuidiú iad le timthriall na bochtaineachta a bhriseadh ***agus neamhionannais inscne a laghdú***, go háirithe i réimsí amhail oideachas ***luath-óige le pleananna tacaíochta oideachais pearsantaithe do thuismitheoirí óga - go háirithe máithreacha – cúram leanaí agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ardcháilíochta, inrochtana agus inacmhainne – go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas –*** cúram sláinte ***– lena n-áirítear leigheas saor in aisce do leanaí***, ***cúram fiaclóireachta inacmhainne, tacaíocht inrochtana mheabhairshláinte, agus rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear ar sheirbhísí faisnéise pleanála teaghlaigh, frithghiniúint nua-aimseartha inacmhainne agus cúram ginmhillte shábháilte agus dhlíthiúil –*** cosaint shóisialta, agus rochtain uilíoch ar thithíocht chuibhiúil ***agus inacmhainne***, uisce agus sláintíocht, fuinneamh, iompar, gníomhaíochtaí ***áineasa*** agus ***sóisialta, agus rochtain dhigiteach chun cianobair a éascú, mar shampla do mhná a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu; á iarraidh ar na Ballstáit cistí leormhaithe a infheistiú in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus a áirithiú go soláthróidh córais oideachais náisiúnta oideachas ardcháilíochta atá comhionann ó thaobh inscne de chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht oideachais, rud a dhéanann difear go minic do dheiseanna na mban agus dá gcumas feabhas a chur ar a bhfolláine shóisialta agus ar a neamhspleáchas eacnamaíoch, lena n-**

	áirítear trí litearthacht airgeadais agus baincéireachta; á iarraidh go gcuirfí dlús nua leis na hiarrachtaí chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus an bhearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh agus chun infheistíocht i seirbhísí poiblí agus i mbonneagar sóisialta, atá bunriachtanach do thacaíocht teaghlaigh agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban araon, a mhéadú agus á iarraidh go dtabharfaí gealltanas dul chun cinn a dhéanamh i dtreo sochaithe cúraim;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 a. á mholadh go n-áiritheodh na Ballstáit go gcuirfear seirbhísí bunriachtanacha, inacmhainne agus ionchuimsitheacha ar fáil do chách, agus aird ar leith á tabhairt ar chosaint agus ar riachtanais na mban agus na ngrúpaí leochaileacha;

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 b. á chur i bhfáth gur gá córais cúraim sláinte a neartú agus iad a dhéanamh inrochtana, inacmhainne agus cuimsitheach, agus riachtanais shonracha sláinte na mban á gcur san áireamh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a ráthú go mbeidh rochtain ag gach duine óg – go háirithe cailíní agus daoine óga LADTIA+, go háirithe iad siúd i gceantair thuaithe agus iad siúd atá thíos le hioncam íseal nó imeallaithe ar chúiseanna eile – ar

	sheirbhísí agus ar fhaisnéis maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) atá fabhrach don óige – lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta agus caidrimh atá oiriúnach ó thaobh aoise de, faisnéis maidir le pleanáil teaghlaigh, agus seirbhísí comhairleoireachta i dtimpeallachtaí scoile agus pobail – táirgí frithghiniúna agus míosta inacmhainne agus cúram ginmhillte sábháilte agus dlíthiúil, mar chuid de straitéis frithbhochtaineachta atá ionchuimsitheach agus inscne-íogair;

Leasú 43

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 c. á athdhearbhú gur cuid bhunriachtanach den chomhionannas inscne agus de mhaolú na bochtaineachta é SRHR cuimsitheach, lena n-áirítear rochtain ar fhrithghiniúint, ar chúram réamhbhreithe/máthartha, ar ghinmhilleadh sábháilte, ar sheirbhísí torthúlachta, agus ar oideachas gnéasachta atá oiriúnach ó thaobh aoise de; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit SRHR a dhaingniú mar cholún lárnach i ngach straitéis lena ndírítear ar an mbochtaineacht i measc na mban agus na gcailíní;

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7.d ag spreagadh cur chuige cúraim phobalbhunaithe a chur chun cinn atá rannpháirteach, fréamhaithe go háitiúil agus deartha le hionchur díreach uathu siúd a ndéanann an bhochtaineacht

	difear dóibh, chun a áirithiú go léireoidh seirbhísí, spásanna agus sásraí tacaíochta riachtanais agus fírinní iarbhír na ndaoine a bhfreastalaíonn siad orthu; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh mná agus pobail imeallaithe rannpháirteach i bpleanáil agus i ndearadh na spásanna sin, chun a áirithiú go mbeidh siad sábháilte, ionchuimsitheach agus freagrúil do riachtanais inscne-shonracha;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7 e. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a ráthú go mbeadh sé de cheart ag gach duine aonair, go háirithe iad siúd atá i gcásanna leochaileacha, go gcuirfí ar an eolas go cuí iad faoi raon iomlán na seirbhísí poiblí agus na tacaíochta sóisialta atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear i réimsí na tithíochta, an chúraim sláinte, an oideachais, na fostaíochta agus na cosanta ar fhoréigean inscnebhunaithe; á chur i bhfáth nach mór d'fhaisnéis a bheith soiléir, iomchuí ó thaobh cultúir agus teanga de, agus nach mór í a scaipeadh go réamhghníomhach;

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	8 a. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha agus ar na leochaileachtaí sonracha a bhíonn os comhair mná gan dídean, agus a aithint gur minic a bhíonn mná gan dídean ar bhealach éagsúil le

fir, agus iad i mbaol níos mó foréigin, ionsaithe gnéasacha agus gáinneála, chomh maith le hábhair shonracha imní sláinte a bhaineann le sláinte agus sláinteachas atáirgthe; á chur i bhfios go láidir gur ceart bunúsach í tithíocht chuibhiúil agus inacmhainne agus gur réamhchoinníoll í chun cearta bunúsacha eile a theachtadh; á chur i bhfáth nach mór roinn ar leith a áireamh sa straitéis frithbhochtaineachta maidir leis an easpa dídine a chomhrac, ina n-aithnítear go bhfuil sí ar cheann de na cineálacha bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta is déine agus is infheicthe, agus aird ar leith á tabhairt ar na gnéithe inscneacha a bhaineann léi; á iarraidh ar an gCoimisiún forbairt bhreise a dhéanamh ar an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac (EPOCH) trína chistiú do ghníomhaíochtaí agus do rialachas araon a mhéadú agus trína thrí shruth oibre a leathnú maidir le faireachán, foghlaim fhrithpháirteach agus rochtain ar chistí an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar mhná gan dídean; á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun múnlaí tithíochta inscne-fhreagrúla a dhaingniú i straitéisí náisiúnta easpa dídine, agus tús áite á thabhairt do mhná atá ag teitheadh ón bhforéigean inscnebhunaithe, do mhná imirceacha, do mhná ciniúlaithe, do mháithreacha aonair, do mhná faoi mhíchumas, agus do mhná i gceantair thuaithe, chomh maith le daoine LADTIA+, i gcomhréir le EPOCH; á iarraidh go mbeadh rochtain ionchuimsitheach ar sheirbhísí bunriachtanacha, ar chosaint shóisialta agus ar thithíocht do mhná ina n-éagsúlacht uile, gan beann ar stádas dlíthiúil; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le seirbhísí tacaíochta atá íogair ó thaobh cultúir de agus ilteangach, go háirithe i réigiúin uirbeacha agus teorann; á iarraidh ar an gCoimisiún cistí an Aontais a shlógadh sa chreat airgeadais ilbhliantúil tar éis 2027 (e.g. CSE+, CFRE, InvestEU) chun

géardhíothacht ábharach a chomhrac agus chun tacú le tithíocht inacmhainne go sonrach do mhná atá gan dídean, mar bheart cóineasaithe le straitéis cúraim na hEorpa agus leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí;

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	8 b. ag aithint leochaileacht daoine gan tithíocht leormhaith, marthanóirí na gáinneála ar dhaoine agus daoine a úsáideann drugaí, a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt go minic ar chineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe agus eisiaimh, a eascraíonn as an mbochtaineacht agus a threisíonn an bhochtaineacht araon; á chur i bhfios go láidir go bhfuil mná agus mionlaigh inscne laistigh de na grúpaí sin atá neamhchosanta go díréireach ar fhoréigean inscnebhunaithe, ar dhúshaothrú, ar stiogma agus ar bhacainní ar rochtain a fháil ar sheirbhísí bunriachtanacha, rud a dhéanann a n-imeallú socheacnamaíoch a dhoimhniú tuilleadh;

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	8 c. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta spriocdhírithe, éifeachtacha agus éifeachtúla a dhéanamh chun deireadh a chur leis na bacainní a chuireann bac ar rochtain ar sheirbhísí leasa ghinearálta i gceantair leochaileacha – go háirithe do mhná agus do chailíní ina n-éagsúlacht uile i réigiúin

	tuaithe agus iargúlta, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí – ós rud é gur príomhspreagthaí don bochtaineacht agus don eisiamh sóisialta iad na bacainní sin; á iarraidh go n-áiritheofaí rochtain sna ceantair sin ar sheirbhísí poiblí ardcháilíochta amhail cúram, oideachas, sláinte, tithíocht agus fuinneamh, agus aird ar leith á tabhairt ar cheantair atá i mbaol bánaithe;

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	8 d. á iarraidh go nglacfaí agus go gcuirfí chun feidhme bearta dlíthiúla ceangailteacha lena gcuirfear cosc ar idirdhealú airgeadais i gcoinne daoine aonair a bhfuil stair bhreoiteachta acu – lena n-áirítear daoine a tháinig slán ón ailse agus daoine a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu – agus aird ar leith á tabhairt ar mhná, a mbíonn leochaileachtaí socheacnamaíocha trasnacha os a gcomhair go minic; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an 'ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad' sa chomhthéacs sin, go háirithe maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais amhail árachas agus creidmheas, chomh maith le tithíocht, gan pionós a bheith gearrtha orthu as riochtaí leighis roimhe seo, chun ath-imeascadh socheacnamaíoch a áirithiú agus chun baol na bochtaineachta a laghdú; á thabhairt chun suntais go bhfuil acmhainneacht ag baint le cur chuige buiséadaithe pearsanta, i gcás ina bhfaigheann daoine aonair acmhainní airgeadais go díreach lena gcaitheamh de réir a riachtanas féin, chun neamhspleáchas agus dínit a chur chun cinn, agus chun tacaíocht a chur in oiriúint ar bhealach níos fearr in

	iarrachtaí frithbhochtaineachta;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9 a. á iarraidh ar na Ballstáit uile an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe bunriachtanacha den bhearna phá idir na hinscní laistigh d'earnálacha, agus chun a cheangal ar chuideachtaí anailísí ar an mbearna phá idir na hinscní a fhoilsiú agus feachtais faisnéise agus oiliúna a dhéanamh maidir le claontacht agus steiréitíopaí neamh-chomhfhiosacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit éagothromaíochtaí réigiúnacha a chur san áireamh agus a áirithiú go mbeidh na bearta sin saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha réigiún ina bhfuil na bearnaí inscne agus neamhionannais is suntasaí i margadh an tsaothair; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina theannta sin, dul i ngleic le saincheist na tearcluachála struchtúraí ar obair in earnálacha ina bhfuil ceannas ag mná agus pá comhionann as obair chomhionann a áirithiú trí athmheasúnú a dhéanamh ar luach na hoibre i réimsí fostaíochta ina bhfuil ceannas ag mná go hiondúil amhail seirbhísí sóisialta, cúraim agus sláinte, agus oideachas, trí uirlisí meastóireachta post atá neodrach ó thaobh inscne de a fhorbraítear agus a chuirtear i bhfeidhm chun scéim luacha saothair níos fearr agus níos cothroime a bhunú;

Leasú 51

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9 b. á iarraidh go gcuirfí dlús nua leis na hiarrachtaí chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus an bhearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh agus chun infheistíocht i seirbhísí poiblí agus i mbonneagar sóisialta a mhéadú agus á iarraidh go dtabharfaí gealltanas dul chun cinn a dhéanamh i dtreo sochaithe cúraim;

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9 c. á iarraidh ar an gCoimisiún na dúshláin shonracha a bhíonn os comhair mná scothaosta atá thíos leis an mbochtaineacht a chur san áireamh faoi chuimsiú na straitéise; ag tathant ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun gníomhaíochtaí spriocdhírithe a fhorbairt chun leibhéil leordhóthanacha phinsin a áirithiú, lena n-áirítear innéacsú uathoibríoch de réir boilscithe;

Leasú 53

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
10. ag iarraidh ar na Ballstáit beartais a fhorbairt chun cearta máithreachais, atharthachta agus tuismitheoirí a neartú, ar beartais iad lena gcuirtear chun cinn cothromaíocht oibre is saoil, lena n-éascaítear filleadh na mban ar an obair tar éis toirchis agus saoire mháithreachais, agus lena n-áirithítear dálaí leormhaithe le haghaidh beathú cíche ar an láthair oibre;	10. ***á chur i bhfáth gur mná amháin a dhéanann formhór na hoibre cúraim gan íocaíocht agus go bhfuil iarmhairtí diúltacha aige sin ar an mbearna inscne cheirde agus ar neamhspleáchas eacnamaíoch; ag cur béim ar an bhfíoras, chun aghaidh a thabhairt ar chineál casta bhochtaineacht na mban, gur gá roinnt na hoibre a athrú agus dreasachtaí a thabhairt do mhná agus d'fhir chun comhroinnt níos cothroime an chúraim***

gan íocaíocht agus na hoibre tí a chur chun cinn, agus chun lánpháirtiú agus ath-imeascadh na mban i margadh an tsaothair a éascú ar mhaithe le samhail den tsochaí leis an gcoincheap 'saothraí comhionann, cúramóir comhionann' a bhaint amach; ag iarraidh ar na Ballstáit beartais a fhorbairt chun cearta máithreachais, atharthachta agus tuismitheoirí a neartú, ar beartais iad lena gcuirtear chun cinn cothromaíocht oibre is saoil ***agus socruithe oibre solúbtha, lena n-áirítear an ceart chun cianobair a dhéanamh***, lena n-éascaítear filleadh na mban ar an obair tar éis toirchis agus saoire mháithreachais, ***lena n-áirítear trí chúram leanaí ardcháilíochta, inrochtana agus inacmhainne a sholáthar,*** agus lena n-áirithítear dálaí leormhaithe le haghaidh beathú cíche ***agus cúram naíonáin*** ar an láthair oibre; ***á iarraidh ar na Ballstáit beartais saoire atharthachta inrochtana agus leorchúitithe a thabhairt isteach agus a chur chun cinn, lena n-áirítear saoire atharthachta reachtúil agus liúntais tuismitheora na n-aithreacha a mhéadú agus saoire neamh-inaistrithe a thairiscint d'aithreacha nó don tuismitheoir eile, chun fíor-roinnt freagrachtaí cúraim a chur chun cinn, lena bhféadfar staid na mban i margadh an tsaothair a neartú agus lena gcuirfear ar chumas an tuismitheora eile naisc láidre a bhunú lena leanaí agus an t-am saor is gá a ghlacadh chun tacú le forbairt luath-óige agus folláine teaghlaigh, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le 'bochtaineacht ama' na mban a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chun feidhme iomlán na Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil a áirithiú;***

Leasú 54

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 a. ag tathant ar an gCoimisiún dul i ngleic le tearcluacháil chórasach na hoibre a dhéantar in earnálacha ina bhfuil ceannas ag mná, amhail na hearnálacha sóisialta, seirbhíse sláinte agus cúraim agus oideachais, as a n-eascraíonn bochtaineacht lucht oibre, agus oibriú leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta chun uirlisí agus critéir meastóireachta post atá neodrach ó thaobh inscne de a fhorbairt lena bhféadfar sainmhíniú agus comparáid a dhéanamh ar fud an Aontais ar 'luach na hoibre', agus é mar aidhm luacháil níos cothroime a dhéanamh agus luach saothair níos cothroime a thabhairt ar obair a dhéantar in earnálacha ina bhfuil ceannas ag mná;

Leasú 55

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 b. á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun córais náisiúnta chothroma agus éifeachtacha maidir le cánachas rachmais a fhorbairt, agus é mar aidhm leis sin neamhionannas a laghdú agus a áirithiú go rannchuideoidh na daoine sin a bhfuil na hacmhainní is mó acu le hearraí poiblí a mhaoiniú go cothrom; á mheabhrú gur leag institiúidí idirnáisiúnta amhail an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta béim ar chánachas rachmais mar uirlis úsáideach chun dul i ngleic le neamhionannais atá ag dul i méid agus chun airgeadas poiblí a neartú;

Leasú 56

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 c. á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar éifeachtaí laghdú an ama oibre, lena n-áirítear taithí ó threoirthionscadail amhail an tseachtain oibre ceithre lá sa Ríocht Aontaithe, inar léiríodh torthaí dearfacha do shláinte agus folláine, cothromaíocht oibre is saoil agus táirgiúlacht oibrithe; ag aithint rath na dtíortha éagsúla a bhfuil triail bainte acu as laghduithe ama oibre agus ag spreagadh na mBallstát tionscnaimh a fhiosrú agus tacú leo arb é is aidhm dóibh uaireanta oibre a laghdú gan pá a chailleadh, mar bhealach chun an bhochtaineacht a laghdú, an daonlathas a fheabhsú, agus fostaíocht ardcháilíochta, comhionannas inscne agus sláinte mheabhrach agus fhisiciúil níos fearr a chur chun cinn;

Leasú 57

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 d. á thabhairt chun suntais go bhfuil dídhreasachtaí eacnamaíocha don mháithreachas roimh go leor ban ar fud an Aontais; á iarraidh go mbeadh beartais chuimsitheacha teaghlaigh ann lena dtacaítear le tógáil clainne gan pionóis airgeadais fhadtéarmacha, go háirithe maidir le sosanna gairme agus bearnaí pinsin;

Leasú 58

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 e. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit plean gníomhaíochta Eorpach tiomnaithe a fhorbairt do mhná sinsearacha, lena n-áirítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phinsin idir na hinscní, rochtain tosaíochta ar sheirbhísí sóisialta agus cúraim baile, deiseanna oiliúna leanúnacha agus scéimeanna fostaíochta páirtaimseartha chun leithlisiú agus bochtaineacht seanaoise a chomhrac;

Leasú 59

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10 f. ag tathant ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach maidir le sláinte mhíosta uile-Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun bochtaineacht mhíosta a chomhrac; á chreidiúint nach mór sláinte agus sláinteachas míosta a chomhtháthú go sainráite i mbeartais sláinte poiblí agus frithbhochtaineachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit chun oideachas míosta agus soláthar táirgí sláintíochta a áireamh laistigh de bheartais iomlánaíocha sláinte agus shóisialta inscne-fhreagrúla, go háirithe do mhná gan dídean, d'iospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, agus do mhná ó ghrúpaí leochaileacha amhail iad siúd ó chúlra imirceach agus iarrthóirí tearmainn; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sainordú a thabhairt táirgí míosta saor in aisce a sholáthar i scoileanna agus ollscoileanna poiblí, i bhfoirgnimh rialtais, in ionaid dídine, in institiúidí poiblí agus in ionaid a thacaíonn le mná agus cailíní imeallaithe, d'fhonn bochtaineacht mhíosta a chomhrac; á iarraidh ar na Ballstáit,

	thairis sin, deireadh a chur le CBL agus cánacha indíreacha eile ar tháirgí sláinteachais mhíosta, i gcomhréir le cuspóirí comhionannais inscne;

Leasú 60

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
11. ag tathant ar na Ballstáit rochtain uilíoch ar chúram sláinte poiblí máthartha, nuabheirthe agus péidiatraiceach atá inacmhainne agus ar ardcháilíocht a áirithiú;	11. ag tathant ar na Ballstáit rochtain uilíoch ar chúram sláinte poiblí máthartha, nuabheirthe agus péidiatraiceach atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán a áirithiú***, chomh maith le cúram seanaoise agus cúram do dhaoine faoi mhíchumas, chun líon díréireach na mban a ghlacann róil chúraim gan phá a laghdú, rud a chuireann teorainn lena gcumas páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair agus beatha a shaothrú***;

Leasú 61

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11 a. á iarraidh ar an gCoimisiún moladh a eisiúint lena spreagfar na Ballstáit chun bearta dlíthiúla ceangailteacha a chur chun feidhme chun iarrachtaí laghdaithe bochtaineachta a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar idirdhealú airgeadais a bhíonn os comhair mná a bhfuil stair bhreoiteachta acu, lena n-áirítear marthanóirí ailse agus mná a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu, bunaithe ar phrionsabal an chirt go ndéanfaí ligean i ndearmad, chun a áirithiú go ndéanfar iad a ath-imeascadh i margadh an tsaothair agus sa tsochaí agus chun a mbaol bochtaineachta a laghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná a bhfuil

	idirdhealú socheacnamaíoch trasnach os a gcomhair;

Leasú 62

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar fheiniméin cheilte na bochtaineachta, mar a thugtar orthu, chun dul i ngleic le stiogmatú na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht agus ***le neamhghlacadh sochar sóisialta, agus chun é a chur san áireamh*** gur grúpaí iad ***daoine*** scothaosta***, daoine*** faoi mhíchumas, teaghlach aontuismitheora, mionlaigh eitneacha agus ***imircigh*** atá níos leochailí i leith na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta;	13. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar fheiniméin cheilte na bochtaineachta, mar a thugtar orthu, chun dul i ngleic le stiogmatú na ndaoine atá thíos leis an mbochtaineacht, agus ***cur chuige inscneach agus trasnach a ghlacadh i straitéisí frithbhochtaineachta, ina n-aithnítear*** gur grúpaí iad ***mná*** scothaosta, ***mná*** faoi mhíchumas, teaghlaigh aontuismitheora***, a bhíonn faoi cheannas ban den chuid is mó, mná ó***, mhionlaigh ***chiniúla agus*** eitneacha, ***mná imirceacha, íospartaigh foréigin inscnebhunaithe,*** agus ***daoine LADTIA+*** atá níos leochailí i leith na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta ***ná grúpaí eile***;

Leasú 63

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 a. á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna imdhealaithe a leagan síos chun an bhochtaineacht a laghdú i measc na mban is imeallaithe, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus spriocanna faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus dul chun cinn a rianú le táscairí trasnacha;

Leasú 64

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 13 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 b. á chur i bhfios go gcruthaíonn bochtaineacht na mban bochtaineacht leanaí agus gur ríthábhachtach dul i ngleic léi chun timthriall na bochtaineachta ó ghlúin go glúin a bhriseadh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tabhairt isteach nó neartú sochar uilíoch leanaí a spreagadh mar phríomhuirlis chun bochtaineacht leanaí a laghdú, tacú le teaghlaigh agus dáileadh níos cothroime rachmais a chur chun cinn, agus inniúlachtaí náisiúnta agus córais cosanta sóisialta á n-urramú; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar stádas sonrach a fhorbairt do theaghlaigh aontuismitheora, a bhíonn faoi cheannas máithreacha aonair go díréireach, ar minic gur mionaoisigh iad féin fiú;

Leasú 65

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 c. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do laghdú na bochtaineachta leanaí, ag tabhairt dá haire go bhfuil thart ar leanbh amháin as gach ceathrar san Aontas i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta; á aithint go bhfuil dlúthnasc idir bochtaineacht leanaí agus staid eacnamaíoch a máithreacha, a mbíonn baol níos airde bochtaineachta os a gcomhair go minic mar gheall ar bhearnaí pá idir na hinscní, fostaíocht fhorbhásach agus freagrachtaí cúraim díréireacha[1a];

[1a] ***Eurostat, Míniú ar Staidreamh, 'Leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh***

sóisialta'. Sonraí asbhainte an 7 Bealtaine 2025, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Children_at_risk_of_poverty_or_social_exclusion.

Leasú 66

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 d. ag aithint fhreagracht an Aontais as aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine, a bhfuil gné thrasteorann agus inscneach ag baint léi, agus deireadh a chur léi ós rud é go bhfuil mná atá thíos leis an mbochtaineacht neamhchosanta go díréireach ar bhaol an dúshaothraithe ghnéasaigh agus an dúshaothraithe saothair; de bhrí gur féidir uaireanta oibre iomarcacha, timpeallachtaí oibre neamhshábháilte nó míshláintiúla, agus diúltú do chearta saothair amhail saoire bhreoiteachta agus an ceart eagrúcháin nó dul ar stailc a bheith i gceist le dúshaothrú saothair, rud a dhéanann difear díréireach d'oibrithe ban in earnálacha atá dírithe ar onnmhairiú;

Leasú 67

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13 e. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an easpa bealaí sábháilte agus dleathacha imirce atá ar fáil faoi láthair, chomh maith leis an mbeartas imirce atá ag éirí níos déine a chuireann le 'Daingean na hEorpa', mar chúis le himeallú agus éiginnteacht i measc daoine imirceacha, go háirithe mná agus leanaí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bealaí sábháilte agus dleathacha imirce agus

	soláthar cuí seirbhísí sóisialta a áirithiú do gach duine, lena n-áirítear mná agus leanaí, gan beann ar a stádas imirce;

Leasú 68

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
14. á mholadh do na Ballstáit tacaíocht do theaghlaigh agus do dhaoine atá i gcásanna leochaileacha a mhéadú trí sheirbhísí tacaíochta meabhairshláinte agus síceasóisialta;	14. á mholadh do na Ballstáit tacaíocht ***d'fholláine shocheacnamaíoch agus mhothúchánach*** teaghlach***, go háirithe máithreacha aonair,*** agus daoine atá i gcásanna leochaileacha a mhéadú***,*** trí sheirbhísí tacaíochta meabhairshláinte agus síceasóisialta ***agus trí dheiseanna a thabhairt le haghaidh rannpháirtíocht sa spórt, i gcláir oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, agus i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus áineasa, lena n-áiritheofar go mbeidh na seirbhísí sin inscne-íogair***;

Leasú 69

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16 a. ag spreagadh na comhdhála chun aghaidh a thabhairt go sainráite ar ghnéithe inscneacha den bhochtaineacht, lena n-áirítear bochtaineacht mhíosta;

Leasú 70

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	17 a. á iarraidh ar an gCoimisiún coiste a bhunú de dhaoine atá buailte ag an mbochtaineacht, ina mbeidh daoine atá buailte ag an mbochtaineacht, go háirithe

mná, daoine LADTIA+ agus daoine imeallaithe eile, agus sainordú aige rannchuidiú le dearadh, cur chun feidhme agus meastóireacht na straitéise; á aithint gurb iad na pobail a ndéanann an bhochtaineacht difear díreach dóibh is fearr atá in ann eolas a dhéanamh do bheartais a mbíonn tionchar acu ar a saol laethúil; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht na ndaoine atá buailte ag an mbochtaineacht fóinteach, lena n-áirítear trí chúiteamh airgeadais leormhaith agus na huirlisí tacaíochta is gá a sholáthar amhail ateangaireacht agus formáidí inrochtana;

Leasú 71

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	17 b. á iarraidh ar an gCoimisiún meitheal speisialta a chruthú ina mbeidh daoine atá thíos leis an mbochtaineacht, acadóirí, ionadaithe Eurostat, Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, na Institiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, oifigí staidrimh na mBallstát, lucht déanta beartas agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus cleachtóirí atá ag obair i seirbhísí bunriachtanacha;

Leasú 72

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	17 c. ag tathant ar an gCoimisiún roinn spriocdhírithe a áireamh sa straitéis lena spreagfar na Ballstáit chun dlíthe agus forálacha riaracháin a aisghairm lena ndéantar gníomhaíochtaí marthanais i spásanna poiblí a choiriúlú, lena n-

áirítear dlíthe ina ndírítear ar dhéircíneacht, codladh amuigh, gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhfhoirmiúla, agus cineálacha eile oibre cothaithe;

Leasú 73

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18 a. á iarraidh ar an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha taighde a dhéanamh ar fud an Aontais ar ghnéithe trasnacha den bhochtaineacht;

Leasú 74

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18 b. á iarraidh ar an gCoimisiún modheolaíocht rianaithe thrasnaigh a fhorbairt do thionchar an laghdaithe bochtaineachta agus spriocanna imdhealaithe a fhorbairt agus é mar aidhm leis sin an bhochtaineacht a laghdú i measc na mban is imeallaithe, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i gcomhréir leis na cuspóirí faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;

Leasú 75

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18 c. á chur i bhfáth gur gá sonraí

	imdhealaithe a bhailiú agus a úsáid go córasach chun an straitéis a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte maidir le bailiú sonraí comhionannais a atheisiúint chun na Ballstáit a chumhachtú sonraí imdhealaithe a bhailiú, lena n-áirítear de réir bunadh ciníoch nó eitneach, inscne, aoise, míchumais agus stádas imirce, i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha agus caighdeáin cosanta sonraí, chun paistí bochtaineachta agus eisiaimh a shainaithint go cruinn agus aghaidh a thabhairt orthu, chun neamhionannais struchtúracha a nochtadh agus chun eolas a dhéanamh do fhreagairtí beartais fianaise-bhunaithe ar gach leibhéal rialachais;

Leasú 76

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
20. ag iarraidh ar an gCoimisiún prionsabal cothrománach a thabhairt isteach sa Straitéis atá dírithe ar bhreithniú a dhéanamh ar thionchair beartas earnálach ar an mbochtaineacht, lena n-áirítear an oibleagáid measúnú tionchair ex ante a dhéanamh;	20. ag iarraidh ar an gCoimisiún prionsabal cothrománach a thabhairt isteach sa Straitéis atá dírithe ar bhreithniú a dhéanamh ar thionchair beartas earnálach ar an mbochtaineacht, lena n-áirítear an oibleagáid measúnú tionchair ex ante a dhéanamh***, agus aird ar leith á tabhairt ar leochaileacht dhíréireach na mban don bhochtaineacht agus ar éagothromaíochtaí réigiúnacha***;

Leasú 77

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20 a. á iarraidh ar an gCoimisiún Innéacs Comhionannais Inscne na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas

Inscne a áireamh sa scórchlár sóisialta;

Leasú 78

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21 a. á iarraidh ar an gCoimisiún brú a chur ar na Ballstáit córais chánachais chothroma, athdháilte agus fhorásacha a bhunú, lena n-áiritheofar go mbeidh buiséid phoiblí réitithe go leordhóthanach chun díothú na bochtaineachta agus laghdú neamhionannas a mhaoiniú agus chun aghaidh a thabhairt ar dháileadh éagothrom rachmais agus acmhainní; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ceartas cánach bunriachtanach chun seasamh leis an gcomhtháthú sóisialta agus le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

Leasú 79

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21 b. á iarraidh ar an gCoimisiún próiseas an tSeimeastair Eorpaigh a neartú trí mholtaí níos láidre agus inscne-fhreagrúla a thabhairt isteach laistigh de mholtaí tírshonracha, sa bhreis ar na táscairí teoranta atá sa Scórchlár Sóisialta faoi láthair, chun neamhionannais inscne a thaispeáint ar bhealach níos fearr agus chun aghaidh a thabhairt ar na naisc struchtúracha idir an bhochtaineacht agus foréigean inscnebhunaithe;

Leasú 80

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 22

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
22. á iarraidh go neartófaí an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (CAI) agus go mbainfí úsáid níos fearr as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) chun beartais lena rannchuidítear le díothú na bochtaineachta a threisiú;	22. á iarraidh go neartófaí an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (CAI) agus go mbainfí úsáid níos fearr as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) chun beartais lena rannchuidítear le díothú na bochtaineachta a threisiú; ***á chur i bhfáth gur cheart CSE+ a choinneáil mar chiste ar leithligh in CAI tar éis 2027, ós rud é go bhfuil an ciste ríthábhachtach chun seirbhísí sóisialta inrochtana, inacmhainne agus inoiriúnaithe a fheabhsú do gach grúpa leochaileach, go háirithe mná agus cailíní faoi mhíchumas;***

Leasú 81

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	22 a. á chur i bhfios go láidir, mar oibleagáid a eascraíonn as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, nach mór don Aontas gníomhaíochtaí a phríomhshruthú chun tacú le grúpaí leochaileacha atá i mbaol bochtaineachta níos mó, amhail daoine faoi mhíchumas, trí na cláir uile in CAI tar éis 2027; á mheas go bhfuil sé fíor-riachtanach á áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ag daoine faoi mhíchumas, go háirithe mná agus cailíní, ar na cláir uile arna gcistiú ag an Aontas, i gcomhréir leis an straitéis um chearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030; ag tathant ar an gCoimisiún modheolaíocht a fhorbairt chun caiteachas a théann chun sochair daoine faoi mhíchumas a rianú, go háirithe mná agus cailíní, agus a fhíorú

	go ráthaítear le gach clár agus tionscadal arna chistiú ag an Aontas comhdheiseanna inscne agus rochtain chomhionann ar chistiú an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas;

Leasú 82

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	22 b. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le buiséadú inscne agus sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de i ndearadh, cur chun feidhme agus obair leantach straitéis frithbhochtaineachta nua an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún táscairí sonracha a fhorbairt chun rochtain ar tháirgí míosta agus ar sheirbhísí SRHR a rianú, agus a áirithiú go ndéanfaidh cistí an Aontais gnéithe inscneacha den bhochtaineacht a laghdú go follasach;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Make Mothers Matter (MMM)
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach mhí na Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI : http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	13.10.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+ : 26 - : 8 0 : 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Margarita de la Pisa Carrión, Valérie Devaux, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Alexandra Geese, Chiara Gemma, Fernand Kartheiser, Arba Kokalari, Elena Kountoura, Sebastian Kruis, Judita Laššáková, Eleonora Meleti, Carolina Morace, Maria Noichl, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Marko Vešligaj, Maria Walsh, Lucia Yar
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Christine Anderson, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Paulo Do Nascimento Cabral, Elisabeth Grossmann, Billy Kelleher, Katrin Langensiepen, Manuela Ripa, Beatrice Timgren, Marianne Vind
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Peter Agius, Daniel Caspary

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

26	+
PPE	Agius Peter, Caspary Daniel, Do Nascimento Cabral Paulo, Kokalari Arba, Meleti Eleonora, Pietikäinen Sirpa, Princi Giusi, Ripa Manuela, Walsh Maria
Renew	Cifrová Ostrihonová Veronika, Devaux Valérie, Kelleher Billy, Yar Lucia
S&D	Fritzon Heléne, Gálvez Lina, Grossmann Elisabeth, Noichl Maria, Rafowicz Emma, Scheuring-Wielgus Joanna, Vesligaj Marko, Vind Marianne
The Left	Kountoura Elena, Morace Carolina
Verts/ALE	Geese Alexandra, Langensiepen Katrin, Scuderi Benedetta

8	-
ECR	Gemma Chiara, Timgren Beatrice, Trochu Laurence
ESN	Anderson Christine
NI	Kartheiser Fernand, Lassáková Judita
PfE	Kruis Sebastian, de la Pisa Carrión Margarita

0	0

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh